**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2011 (07.06) (OR. en)**

**10859/11**

**LIMITE**

**FISC 76**

PUBLIC

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| Ó: | An Ardrúnaíocht |
| Chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag a chruinniú an 26 Bealtaine 2011, d'aontaigh an Mheitheal um Chód Iompair (Cánachas Gnó) ar a thuarascáil don Chomhairle (ECOFIN) mar atá sí leagtha amach in 10857/11 FISC 75.

2. Dá éis sin chuir Cathaoirleach na Meithle na dréacht-Chonclúidí seo a leanas ón gComhairle ar aghaidh:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

- fáiltíonn sí roimh an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um Chód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na hUngáire mar atá sé leagtha amach ina tuarascáil (10857/11 FISC 75);

- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachas a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme rollta siar, chomh maith le leanúint den obair faoin bPacáiste Oibre a d'aontaigh an Chomhairle (ECOFIN) an 5 Nollaig 2008 (16410/08 FISC 174);

- spreagann sí an Coimisiúin chun leanúint den chaibidlíocht le tríú tíortha mar atá sí leagtha amach i dtuarascáil na Meithle agus chun an Mheitheal a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn;

- iarrann sí ar an Meitheal tuairisc ar a cuid oibre a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Polainne."

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil a chur ar aghaidh (10857/11 FISC 75) i dteannta leis na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle thuasluaite chuig an gComhairle agus a mholadh don Chomhairle na dréacht-Chonclúidí sin a ghlacadh mar ítim "A" ar a clár oibre.

---